Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**8880/26**

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2026/0076(NLE)**
**2026/0077(NLE)**

**RECH 205**
**COASI 76**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 7599/26 + ADD 1; 7601/26 + ADD 1 |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an tSeapáin, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht na Seapáine i gcláir an Aontais<br>- Glacadh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an tSeapáin, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht na Seapáine i gcláir an Aontais - Comhaontú i bprionsabal<br>- Comhaontú i bprionsabal<br>- Iarraidh ar thoiliú ó Pharlaimint na hEorpa |

1. Ag an gcruinniú a bhí aici an 15 Bealtaine 2023, ghlac an Chomhairle an Cinneadh lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an tSeapáin maidir le Comhaontú i ndáil leis na prionsabail ghinearálta lena rialaítear rannpháirtíocht na Seapáine i gcláir an Aontais agus maidir le comhlachas na Seapáine le Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027).[1]

[1] IO L 144, 5.6.2023, lgh. 58–59.

2. Ag eascairt as conclúidí na caibidlíochta leis an tSeapáin, thíolaic an Coimisiún chuig an gComhairle an 23 Márta 2026 togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an tSeapáin, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht na Seapáine i gcláir an Aontais[2], mar aon le téacs an Chomhaontaithe mar aguisín a ghabhann leis an togra, chomh maith le togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an gComhaontú sin a thabhairt i gcrích.[3]

3. Ag an gcruinniú a bhí aici an 25 Márta 2026, scrúdaigh an Mheitheal um Thaighde, agus ag an gcruinniú a bhí aici an 16 Aibreán 2026, scrúdaigh Meitheal COASI na tograí ón gCoimisiún. Tar éis comhairliúchán i scríbhinn a tugadh i gcrích an 1 Aibreán 2026, tháinig toscaireachtaí na Meithle um Thaighde ar chomhaontú maidir le téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle maidir leis an síniú agus an cur i bhfeidhm sealadach, lena n-áirítear téacs an Chomhaontaithe, agus maidir le téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle maidir leis an tabhairt i gcrích.

4. Rinne na saineolaithe dlí agus teanga an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe, an Comhaontú féin agus an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe in 8279/26, 8285/26 agus 8286/26 faoi seach, a fhíorú agus bailchríoch a chur orthu.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle, le linn chuid ‘A’ de chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, an méid seo a leanas:

– an Cinneadh ón gComhairle maidir leis an síniú agus an cur i bhfeidhm sealadach, mar a leagtar amach in 8279/26 é, a ghlacadh agus a chinneadh Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE;

– comhaontú i bprionsabal a sholáthar maidir leis an dréachtchinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe mar a leagtar amach in 8286/26 é agus a chinneadh é a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa lena thoiliú, mar aon le téacs an Chomhaontaithe mar a leagtar amach in 8285/26 é, tar éis shíniú an Chomhaontaithe.

---

[2] 7599/26 + ADD 1.
[3] 7601/26 + ADD 1.